Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13044/23**

**CDR 139**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach,**
**arna moladh ag Poblacht na hIodáile,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó rialtas na hIodáile,

---

1 IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157[1], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Vincenco BIANCO a cheapadh.

(4) Beidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis cheapadh Antonio DECARO ina chomhalta de Choiste na Réigiún.

(5) Mhol Rialtas na hIodáile Antonio DECARO, ionadaí ó chomhlacht áitiúil a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Sindaco del Comune di Bari* (Méara ar Bhardas Bari), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 31 Bealtaine 2024.

(6) Mhol Rialtas na hIodáile Sandrino AQUILANI, ionadaí ó chomhlacht áitiúil a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Sindaco del Comune di Vetralla* (Méara ar Bhardas Vetralla), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 237, 17.12.2019, lch. 78).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil sainordú toghchánach acu, ar Choiste na Réigiún:

(a) mar chomhalta:

– Antonio DECARO, *Sindaco del Comune di Bari* (Méara ar Bhardas Bari), go dtí an 31 Bealtaine 2024,

agus

(b) mar chomhalta malartach:

– Sandrino AQUILANI, *Sindaco del Comune di Vetralla* (Méara ar Bhardas Vetralla) ar feadh a bhfuil den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*